Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0540(COD)

19.5.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0540 – C10-0177/2025 – 2025/0540(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Ana Catarina Mendes

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 43

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034
(COM(2025)0540 – C10-0177/2025 – 2025/0540(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0540),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 78(2) agus d'Airteagal 79(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0177/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ... [1],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is é is cuspóir don Rialachán seo	(1) Is é is cuspóir don Rialachán seo

[1] IO C ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

rannchuidiú le cuspóir an Aontais limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) trí thacaíocht ón Aontas a sholáthar chun comhbheartas a fhorbairt maidir le tearmann, cosaint choimhdeach agus cosaint shealadach d'fhonn stádas iomchuí a thairiscint d'aon náisiúnach tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uaidh agus comhlíonadh phrionsabal an non-refoulement a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal ***77*** de CFAE, agus chun comhbheartas inimirce a fhorbairt arb é is aidhm dó a áirithiú, ag gach céim, go ndéanfar bainistiú éifeachtúil ar shreabha imirce, go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu sna Ballstáit, agus go ndéanfar an inimirce neamhdhleathach agus an gháinneáil ar dhaoine a chosc, agus bearta feabhsaithe a dhéanamh chun iad a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 79 de CFAE.

rannchuidiú le cuspóir an Aontais limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) trí thacaíocht ón Aontas a sholáthar chun comhbheartas a fhorbairt maidir le tearmann, cosaint choimhdeach agus cosaint shealadach d'fhonn stádas iomchuí a thairiscint d'aon náisiúnach tríú tír a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uaidh agus comhlíonadh phrionsabal an non-refoulement a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal ***78*** de CFAE, agus chun comhbheartas inimirce a fhorbairt arb é is aidhm dó a áirithiú, ag gach céim, go ndéanfar bainistiú éifeachtúil ar shreabha imirce, go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu sna Ballstáit, agus go ndéanfar an inimirce neamhdhleathach agus an gháinneáil ar dhaoine a chosc, agus bearta feabhsaithe a dhéanamh chun iad a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 79 de CFAE.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***Tá athrú tagtha ar bheartas tearmainn agus imirce an Aontais mar gheall ar theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe Nua*** maidir le hImirce agus Tearmann i mí an Mheithimh 2024***. Chun cur chun feidhme an Chomhshocraithe a chothú agus chun tacú le hiarrachtaí cur chuige cuimsitheach a áirithiú i leith bhainistiú na himirce a mbeadh an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir na freagrachta idir na Ballstáit, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais mar bhunús leis***, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do na	(2) ***Chun an Comhshocrú*** maidir le hImirce agus Tearmann ***a tháinig i bhfeidhm*** i mí an Mheithimh 2024 ***a chur chun feidhme***, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais ***ar leibhéal an Aontais***. Cuirfear an tacaíocht ón Aontas ar fáil faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE)

Ballstáit le hacmhainní leordhóthanacha airgeadais. Cuirfear an tacaíocht ón Aontas ar fáil faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE) [...].	[...].

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Gach gníomhaíocht a chur chun feidhme faoin Rialachán seo, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán leis na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear in acquis an Aontais agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), agus ba cheart é a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aonais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ina bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, go háirithe trí chomhlíonadh phrionsabail an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe. Ba cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach gníomhaíocht agus cinneadh a bhaineann le leanaí i mbun imirce, lena n-áirítear filleadh, agus aird iomlán á tabhairt ar cheart an linbh a thuairimí nó a tuairimí féin a chur in iúl.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Leagtar síos sa Rialachán seo cuspóirí na tacaíochta ón Aontas maidir le beartas tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach ***leis an Rialachán seo*** ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.	(3) Leagtar síos sa Rialachán seo cuspóirí ***sonracha*** na tacaíochta ón Aontas maidir le beartas tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta***, sainaithnítear íosleibhéil chistiúcháin atá le soláthar le haghaidh na gcuspóirí sonracha sin, leagtar síos rialacha sonracha maidir le cómhaoiniú i ndáil le bearta a dhéantar faoin ionstraim seo, agus bunaítear liosta gníomhaíochtaí atá incháilithe do thacaíocht ón Aontas***. Ba cheart do na Ballstáit***, i gcomhréir leis na híosleibhéil chistiúcháin a leagtar síos sa Rialachán seo,*** a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach ***ann*** ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) I bhfianaise chineál inmheánach na tacaíochta ón Aontas dá bhforáiltear faoin Rialachán seo agus ós rud é gurb é an Rialachán seo an phríomhionstraim chistiúcháin le haghaidh beartais tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta ar leibhéal an Aontais, ba cheart don ionstraim tacú go príomha le gníomhaíochtaí a fhónann do bheartas inmheánach an Aontais maidir le tearmann, imirce agus lánpháirtiú i gcomhréir le cuspóirí na hionstraime.
	Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3b) Sa bhreis ar an ráta cómhaoinithe a sholáthraítear leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo le haghaidh bearta nó gníomhaíochtaí incháilithe, moltar do na Ballstáit cistiú ó bhuiséid a n-údarás poiblí a chur ar fáil i gcás ina mbeidh an cistiú sin fíor-riachtanach chun tionscadal a chur i gcrích, go háirithe nuair is ag eagraíocht sochaí sibhialta atá an tionscadal á chur chun feidhme.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart cur leis na torthaí agus na hinfheistíochtaí i réimsí an tearmainn ***agus*** na himirce ó na clárthréimhsí roimhe sin, mar atá: (i) an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe arna bhunú le Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] le haghaidh na tréimhse 2008-2013; (ii) an Ciste Eorpach chun náisiúnaigh tríú tíortha a Lánpháirtiú arna bhunú le Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle[4] le haghaidh na tréimhse 2007-2013; (iii) an Ciste Eorpach um Fhilleadh arna bhunú le Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] le haghaidh na tréimhse 2008-2013; (iv) an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó	(5) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart cur leis na torthaí agus na hinfheistíochtaí i réimsí an tearmainn***,*** na himirce ***agus na lánpháirtíochta*** ó na clárthréimhsí roimhe sin, mar atá: (i) an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe arna bhunú le Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] le haghaidh na tréimhse 2008-2013; (ii) an Ciste Eorpach chun náisiúnaigh tríú tíortha a Lánpháirtiú arna bhunú le Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle[4] le haghaidh na tréimhse 2007-2013; (iii) an Ciste Eorpach um Fhilleadh arna bhunú le Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] le haghaidh na tréimhse 2008-2013; (iv) an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht arna bhunú le Rialachán

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] le haghaidh na tréimhse 2014-2020, agus (v) an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse 2021-2027, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Le raon feidhme na tacaíochta ón Aontas, ba cheart go bhféadfaí forbairtí nua a chur san áireamh freisin.

(AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] le haghaidh na tréimhse 2014-2020, agus (v) an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse 2021-2027, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Le raon feidhme na tacaíochta ón Aontas, ba cheart go bhféadfaí forbairtí nua a chur san áireamh freisin.

---

[3] Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe don tréimhse 2008 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/904/CE ón gComhairle (IO L 144, 6.6.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/573/oj).

[4] Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach chun náisiúnaigh tríú tíortha a Lánpháirtiú don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' (IO L 168, 28.6.2007, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/435/oj).

[5] Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhilleadh don tréimhse 2008 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' (IO L 144, 6.6.2007, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/575/oj).

[6] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[3] Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe don tréimhse 2008 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/904/CE ón gComhairle (IO L 144, 6.6.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/573/oj).

[4] Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle an 25 Meitheamh 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach chun náisiúnaigh tríú tíortha a Lánpháirtiú don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' (IO L 168, 28.6.2007, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/435/oj).

[5] Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhilleadh don tréimhse 2008 go 2013 mar chuid den Chlár Ginearálta 'Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce' (IO L 144, 6.6.2007, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2007/575/oj).

[6] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/516/oj).

[7] Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lgh. 1-47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1147/oj).

gComhairle agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/516/oj).

[7] Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lgh. 1-47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1147/oj).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tá athrú mór tagtha ar chomhthéacs geopholaitiúil na hEorpa, rud a dhéanann difear mór do bhainistiú imirce an Aontais, mar aon le ról na ngníomhaithe Stáit in imirce neamhrialta a chruthú agus a éascú ar bhealach shaorga, sreabha imirce a ionstraimiú mar uirlis chun críoch polaitiúil, agus oirbhearta cogaíochta hibridí a úsáid, ar nós an imirce a úsáid mar uirlis troda[8], chun an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a dhíchobhsú. Ní mór do na Ballstáit a bheith in ann freagairt d'fhorbairtí ar shreabha imirce go pras agus go héifeachtach agus tacaíocht ón Aontas a fháil chun na críche sin. Chun freagairt do na dúshláin Eorpacha sin, ba cheart tosaíochtaí an Aontais a chur san áireamh i leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas. Dá bhrí sin, leis an tacaíocht ón Aontas a chuirtear chun feidhme faoi na rialacha lena rialaítear Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát, ba cheart rannchuidiú go héifeachtach le haghaidh a	Leis an tacaíocht ón Aontas a chuirtear chun feidhme faoi na rialacha lena rialaítear Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát, ba cheart rannchuidiú go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs na Straitéise Eorpaí fadtéarmaí um Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an timthriall bliantúil bainistithe imirce arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024[9], lena n-áirítear an sásra dlúthpháirtíochta bliantúil agus Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil.

thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs na Straitéise Eorpaí fadtéarmaí um Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an timthriall bliantúil bainistithe imirce arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024[9], lena n-áirítear an sásra dlúthpháirtíochta bliantúil agus Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil.

---

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais (COM(2024) 570 final an 11.12.2024).

[9] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj).

---

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a eascraíonn as an imirce a bheith á húsáid mar uirlis troda agus an tslándáil a neartú ag teorainneacha seachtracha an Aontais (COM(2024) 570 final an 11.12.2024).

[9] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013, IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj).

Or. en

Réasúnú

Is cosúil go dtugann togra an Choimisiúin le fios gur ceist 'ionstraimíochta' i gcónaí atá san imirce go dtí an Eoraip ach níl aon fhianaise ann gurb amhlaidh atá. Déileáladh leis na cásanna soiléire 'ionstraimíochta' a tharla cúpla bliain ó shin ag an am a tharla siad. Is cur chuige mícheart é a mhaíomh arís agus arís eile gur cheart go mbeadh beartais chun dul i ngleic le hionstraimíocht mar bhunús do bheartas imirce iomlán an Aontais Eorpaigh.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo, ba cheart bearta a mhaoiniú atá saincheaptha le haghaidh riachtanais náisiúnach tríú tír ***a chuirtear chun feidhme de ghnáth le linn chéimeanna luatha na lánpháirtíochta***, mar aon le bearta cothrománacha lena dtacófar le hacmhainneachtaí na mBallstát i réimse na lánpháirtíochta***, ach ba cheart gur faoi thacaíochtaí eile ón Aontas a shaothrófaí*** na hidirghabhálacha le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a mbeidh tionchar níos fadtéarmaí acu.	Leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo, ba cheart bearta a mhaoiniú atá saincheaptha le haghaidh riachtanais náisiúnach tríú tír, mar aon le bearta cothrománacha lena dtacófar le hacmhainneachtaí na mBallstát i réimse na lánpháirtíochta***. Féadfar*** na hidirghabhálacha le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a mbeidh tionchar níos fadtéarmaí acu ***a shaothrú freisin faoi thacaíocht eile ón Aontas***. ***In aon chás, le tacaíocht ón Aontas, ba cheart féachaint le rochtain chothrom a ráthú agus a ráthú nach ndéanfar idirdhealú ar náisiúnaigh tríú tír a ndírítear orthú le bearta lánpháirtíochta.***

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ós rud é go mbíonn na dúshláin i réimse na himirce ***agus*** an tearmainn ag ***teacht chun cinn*** de shíor, is gá leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a chur in oiriúint do na hathruithe ar na sreabha imirce agus ar an tearmann. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, ba cheart cuid den tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte agus indíreach tríd an tSaoráid AE arna bunú de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus	(7) Ós rud é go mbíonn na dúshláin i réimse na himirce***,*** an tearmainn ***agus na lánpháirtíochta*** ag ***athrú*** de shíor, is gá leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a chur in oiriúint do na hathruithe ar na sreabha imirce agus ar an tearmann. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, ba cheart cuid den tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte agus indíreach tríd an tSaoráid AE arna bunú de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus

ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. Tá solúbthacht i gceist leis an tSaoráid AE maidir le bainistiú na tacaíochta ón Aontas agus, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát.

ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. ***Ag an am céanna, chun cistiú leordhóthanach agus intuartha a áirithiú maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt agus maidir le himirce dhleathach a fhorbairt agus lánpháirtiú a chur chun cinn agus rannchuidiú leis, ba cheart céatadán íosta seasta den leithdháileadh bliantúil ón tsaoráid AE ar an Rialachán seo a thiomnú do na cuspóirí sonracha sin. Thairis sin, chun sruthanna cistiúcháin dhírigh a leathnú laistigh den tSaoráid AE d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun gníomhaíochtaí lánpháirtíochta a chur chun feidhme, is iomchuí cur leis an gcleachtas a bunaíodh faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht atá ann faoi láthair, agus 5 % den tacaíocht bhliantúil atá le díriú ar Ghnóthaí Baile a chur i leataobh go sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí lánpháirtíochta arna ndéanamh ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha.*** Tá solúbthacht i gceist leis an tSaoráid AE maidir le bainistiú na tacaíochta ón Aontas agus, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát. ***Níor cheart go mbeadh acmhainní a ath-leithdháileadh go córasach ó ghníomhartha cosanta agus comhtháthaithe mar thoradh ar sholúbthacht i gclársceidealú.***

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Leis an ionstraim, ba cheart tacú le hiarrachtaí an Aontais agus na

mBallstát feabhas a chur ar chumas na mBallstát forbairt, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a mbeartais tearmainn i bhfianaise a gcuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7b) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus an Aontais an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme go hiomlán agus a fhorbairt a thuilleadh, gné sheachtrach an chomhchórais san áireamh.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7c) I bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch agus déimeagrafach atá roimh an Aontas san fhadtéarma agus i bhfianaise dhomhandú breise na himirce, tá sé ríthábhachtach bealaí dea-fheidhmiúla imirce dleathaí chuig an Aontas a bhunú ionas go mbeidh an tAontas ina cheann scríbe tarraingteach don imirce dhleathach i gcónaí, i gcomhréir le riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta na mBallstát, agus chun inbhuanaitheacht na gcóras leasa shóisialta agus forbairt gheilleagar an Aontais a áirithiú, agus cosaint ar

dhúshaothrú a thabhairt ag an am céanna d'imiricigh.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7d) I bhfianaise na sreabh imirce chuig an Aontas agus a thábhachtaí atá sé lánpháirtiú agus cuimsiú fadtéarmach a áirithiú do dhaoine a thagann chun na hEorpa do phobail áitiúla agus do dhea-bhail fhadtéarmach ár sochaithe agus do chobhsaíocht ár ngeilleagar, tá sé ríthábhachtach tacú le beartais na mBallstát maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír. Leis an ionstraim, ba cheart tacú le bearta lánpháirtíochta atá saincheaptha do riachtanais náisiúnach tríú tír agus le bearta cothrománacha a bhfuil d'aidhm leo cur le hacmhainneacht na mBallstát straitéisí lánpháirtíochta a fhorbairt, malartú agus comhar a neartú, agus teagmháil, idirphlé cuiditheach agus glacacht idir náisiúnaigh tríú tír agus an tsochaí ghlactha a chur chun cinn.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7e) Tá beartas éifeachtúil, inbhuanaithe agus díniteach maidir le filleadh ina dhlúthchuid den chur chuige cuimsitheach atá á shaothrú ag an Aontas agus ag na Ballstáit maidir leis an imirce.

Leis an ionstraim, ba cheart tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus iad a spreagadh d'fhonn caighdeáin choiteanna maidir le filleadh a chur chun feidhme go héifeachtach agus a fhorbairt a thuilleadh, agus béim á leagan ar fhilleadh deonach, agus ar chur chuige comhtháite comhordaithe maidir le filleadh a bhainistiú. Ar mhaithe le beartais inbhuanaithe i leith filleadh, leis an ionstraim d'fhéadfaí tacaíocht chomhionann a thabhairt do bhearta gaolmhara i dtríú tíortha freisin, amhail bearta chun filleadh agus athligean isteach sábháilte agus díniteach, agus ath-lánpháirtiú inbhuanaithe na bhfillithe, a éascú agus a ráthú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thacaíocht airgid thirim nó tacaíocht chomhchineáil a sholáthar. I bhfianaise mhéid agus chineál eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar tairbhithe féideartha tacaíochta iad faoin Rialachán seo, is rátaí eisiatacha agus neamhréadúla iad na rátaí cómhaoinithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. Is gá, dá bhrí sin, rátaí cómhaoinithe oiriúnaithe a bhunú sa Rialachán seo chun deiseanna réalaíocha a chur ar fáil do ghníomhaithe mionscála na sochaí sibhialta agus d'údaráis bheaga áitiúla agus réigiúnacha tairbhe a bhaint as tacaíocht faoin Rialachán seo agus chun na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí is gá a chur ar fáil do na Ballstáit chun cuspóirí sonracha an Rialacháin seo a bhaint amach.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart do na Ballstáit cur le prionsabal na comhpháirtíochta maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun leanúnachas a áirithiú i gcur chuige an rialachais.	(10) Ba cheart do na Ballstáit cur le prionsabal na comhpháirtíochta maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun leanúnachas a áirithiú i gcur chuige an rialachais. ***Ós rud é go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le prionsabal na comhpháirtíochta i gcomhthéacs na mbeartas tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta, ba cheart don Bhallstát comhdhéanamh a gcomhpháirtíochtaí a mhionsonrú chomh maith leis an tuairisc ar na socruithe comhpháirtíochta a mhéid a bhaineann leis an ionstraim um thearmann, imirce agus lánpháirtíocht le haghaidh tacaíochta. Ba cheart don Bhallstát na mionsonraí sin a chur ar fáil go poiblí arna iarraidh sin.***

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) ***Leis an*** tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais idir an imirce, tearmann, filleadh agus beartais sheachtracha agus tá sé tábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh cúnamh seachtrach an Aontais agus an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo le cur chuige comhordaithe, iomlánaíoch, struchtúrtha ***i leith na himirce, sineirgí a uasmhéadú***	(11) ***Le*** tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. Tá gá le tuilleadh comhleanúnachais idir an imirce, tearmann, filleadh agus beartais sheachtracha agus tá sé tábhachtach a áirithiú go rannchuideoidh cúnamh seachtrach an Aontais agus an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo le cur chuige comhordaithe, iomlánaíoch, struchtúrtha ***ar cheart é a bheith go hiomlán***

agus giaráil a mhéadú. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún i gcéimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme.	***comhleanúnach le bearta a dtacaítear leo trí ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais agus le prionsabail ghinearálta agus cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar síos in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE')***.

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach a bheith soiléir, ós rud é gur ionstraim beartais inmheánaigh í an ionstraim den chuid is mó, nuair a úsáidtear go seachtrach í, nach mór di a bheith comhsheasmhach agus comhleanúnach le beartas seachtrach an Aontais a dtugtar tuairisc air sna Conarthaí agus ní a mhalairt.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) ***Ba cheart gach gníomhaíocht a dtacaítear léi i gcomhréir leis an*** tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo ***a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail a chumhdaítear in acquis an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha*** an Aontais Eorpaigh ***agus ba cheart í a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta*** an ***Aontais*** agus na ***mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí*** idirnáisiúnta ***a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu***.	(17) ***Chun*** tacaíocht ***éifeachtach*** ón Aontas ***a áirithiú*** faoin Rialachán seo, ***ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú*** an Aontais Eorpaigh ***a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na bearta agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le cuspóirí*** an ***Rialacháin seo a fhormheas,*** agus ***i dtaca le leasú a dhéanamh ar liosta na ngníomhaíochtaí atá incháilithe do thacaíocht, agus ar*** na ***méideanna a fhaigheann na Ballstáit le haghaidh gach duine a ligtear isteach trí athlonnú nó trí ligean isteach ar fhoras daonnúil agus le haghaidh gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhí cosanta*** idirnáisiúnta ***a athlonnaítear. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre***

	ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Chun intuarthacht agus trédhearcacht a áirithiú i ndáil leis an tacaíocht a sholáthraítear faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit gníomhaíochtaí atá incháilithe do thacaíocht mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a chur chun feidhme.
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí agus maoiniú na tacaíochta ón Aontas chun	Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí agus maoiniú na tacaíochta ón Aontas chun

an comhbheartas maidir le tearmann agus an comhbheartas inimirce a chur chun feidhme, a neartú agus a fhorbairt le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034. Leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le bainistiú éifeachtúil na ***sreabha*** imirce agus ***an tearmainn, lena n-áirítear trí thacaíocht a chur ar fáil chun an Comhshocrú Nua*** maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, a neartú agus a fhorbairt, agus leis an gcomhchóras cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe i gcás ***mórphlódaithe***.	an comhbheartas maidir le tearmann agus an comhbheartas inimirce a chur chun feidhme, a neartú agus a fhorbairt le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.
	Bunaítear leis freisin íosleibhéil chistiúcháin atá le soláthar le haghaidh cuspóirí sonracha áirithe, leagtar síos leis rialacha sonracha maidir le cómhaoiniú i ndáil le bearta a dhéantar, agus bunaítear leis liosta gníomhaíochtaí atá incháilithe do thacaíocht ón Aontas faoin Rialachán.
	Leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le bainistiú éifeachtúil na ***sreabh*** imirce agus ***rannchuideofar leis an gcomhbheartas maidir le tearmann mar a leagtar amach sa Chomhshocrú*** maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, a neartú agus a fhorbairt, agus leis an gcomhchóras cosanta sealadaí do dhaoine easáitithe i gcás ***mórphlódú isteach, i gcomhréir le acquis ábhartha an Aontais agus lánurraim á tabhairt d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu***.
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn 'tairbhí de chosaint	(2) ciallaíonn 'tairbhí de chosaint

idirnáisiúnta' ***tairbhí de chosaint*** idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7) de Rialachán (AE) 2024/1351;	idirnáisiúnta' ***náisiúnach tríú tír nó duine gan stát dár deonaíodh cosaint*** idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (4) de Rialachán (AE) 2024/1347;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ciallaíonn 'ball teaghlaigh' ***ball*** teaghlaigh ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8) de Rialachán (AE) 2024/1351***;	(4) ciallaíonn 'ball teaghlaigh' ***náisiúnach tríú tír a shainmhínítear mar bhall*** teaghlaigh ***faoi dhlí an Aontais is ábhartha maidir leis an réimse beartais gníomhaíochta a dtacaítear leis faoin ionstraim seo***;

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) ciallaíonn 'filleadh' filleadh mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe 3, de Threoir 2008/115/CE;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11b) ciallaíonn 'aistriú' aistriú mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/115/CE;

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun bainistiú éifeachtúil sreabha imirce a áirithiú, leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le gach ceann de na cuspóirí seo a leanas:	1. Chun bainistiú éifeachtúil sreabha imirce a áirithiú***, agus chun cur chun feidhme, neartú agus forbairt an chomhbheartais tearmainn agus an chomhbheartais inimirce a áirithiú***, leis an tacaíocht ón Aontas rannchuideofar le gach ceann de na cuspóirí seo a leanas:

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***filleadh agus athligean isteach éifeachtach, sábháilte agus díniteach a fheabhsú agus an ath-lánpháirtiú éifeachtach i dtríú tíortha*** a chur chun cinn agus rannchuidiú leis***, agus rannchuidiú le himirce neamhrialta a chomhrac trí smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac chomh maith le hionstraimiú na himirce neamhrialta agus í a úsáid mar uirlis troda***;	(b) ***an imirce dhleathach chuig na Ballstáit a neartú agus a fhorbairt i gcomhréir lena riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta, agus lánpháirtiú éifeachtach agus cuimsiú sóisialta na náisiúnach tríú tír*** a chur chun cinn agus rannchuidiú leis ***an méid sin***;

Or. en

Réasúnú

A mhéid is féidir beartas um fhilleadh a chistiú faoin ionstraim seo, ní mór fillteacha den sórt sin a bheith 'inbhuanaithe' agus níor cheart imirce neamhrialta chiorclach a bheith mar thoradh orthu. Rialaítear ionstraimiú leis an gComhshocrú maidir le Tearmann a chumhdaítear faoi chuspóir (a). Ní téarma é 'úsáid mar uirlis troda' a aithnímid agus muid ag labhairt faoi dhaoine.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***an imirce dhleathach chuig na Ballstáit a neartú agus a fhorbairt i gcomhréir lena riachtanais, agus lánpháirtiú*** éifeachtach ***agus cuimsiú sóisialta na náisiúnach tríú tír le linn luathchéimeanna an bhuanchónaithe*** a chur chun cinn agus rannchuidiú leis ***an méid sin***;	(c) ***filleadh agus athligean isteach éifeachtach, sábháilte, inbhuanaithe agus díniteach a fheabhsú, ath-lánpháirtiú*** éifeachtach ***i dtríú tíortha*** a chur chun cinn agus rannchuidiú leis***, agus rannchuidiú leis an imirce neamhrialta a chomhrac***;

Or. en

Réasúnú

Ailínithe leis an sainmhíniú in AMIF atá ann faoi láthair. Ba cheart é a choinneáil mar an dara cuspóir, mar atá in AMIF atá ann faoi láthair.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir na freagrachta idir na Ballstáit a áirithiú, ***lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha comhair phraiticiúil agus nuatheicneolaíochtaí, agus rannchuidiú le cur chuige cuimsitheach maidir leis na comhchodanna inmheánacha agus seachtracha den bhainistiú*** imirce agus	(d) dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir na freagrachta idir na Ballstáit a áirithiú, ***go háirithe a mhéid a bhaineann leis na daoine is mó a mbíonn dúshláin*** imirce agus tearmainn ***thíos leo***.

tearmainn.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseofar gníomhaíochtaí ***chun*** gach ceann de chuspóirí na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo ***a bhaint amach*** i dtosaíochtaí a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, go mbeidh leithdháileadh acmhainní ***idir*** cuspóirí ***comhréireach leis na dúshláin agus riachtanais a sainaithníodh***.	3. ***Faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 1, déanfar an tacaíocht a chur chun feidhme trí chur chun feidhme gníomhaíochtaí mar a leagtar síos san Iarscríbhinn.*** Áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseofar gníomhaíochtaí ***a leagtar síos san Iarscríbhinn lena saothraítear*** gach ceann de chuspóirí na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo i dtosaíochtaí a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, go mbeidh leithdháileadh acmhainní ***leordhóthanach chun na*** cuspóirí ***sin a bhaint amach***.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag EUR ***11 975 428 500*** i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta	1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag EUR ***13 172 971 350*** i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta

agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.	agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. ***I gcás ina bhfuil amhras ann faoi chur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus faoi chur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, beidh forlámhas ag na rialacha lex specialis a leagtar síos sa Rialachán seo.***

Or. en

Réasúnú

Bunaithe ar mhéadú 10 % de réir thuarascáil eatramhach CAI

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ina theannta sin, maidir leis na leithreasuithe buiséadacha le haghaidh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leithreasuithe a chuirtear chun feidhme tríd an tSaoráid AE ***faoi Theideal IV de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil,*** bunófar iad faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 314 de CFAE.	3. Ina theannta sin, maidir leis na leithreasuithe buiséadacha le haghaidh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leithreasuithe a chuirtear chun feidhme tríd an tSaoráid AE***,*** bunófar iad ***i gcomhréir le hAirteagal 4a, mír 3, 4, 5 agus 6 den Rialachán seo agus*** faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 314 de CFAE.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir le bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina ***molann an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle*** lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, ***déanfaidh*** an Coimisiún ***togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le formheas*** na ***mbeart*** sin.	4. Maidir le bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta ***agus na gníomhaíochtaí*** sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina ***nglacann an Coimisiún gníomh tarmligthe*** lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 9a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí*** na ***bearta agus na gníomhaíochtaí*** sin ***a fhormheas***.

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Agus togra á dhéanamh le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir leis*** na bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach	5. ***Leagfar síos sa ghníomh tarmligthe lena bhformheastar*** na bearta ***agus na gníomhaíochtaí*** a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3

in Airteagal 3 den Rialachán seo, leagfar síos sa togra ón gCoimisiún na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

den Rialachán seo, leagfar síos sa togra ón gCoimisiún na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Glacfaidh an ***Chomhairle*** an ***cinneadh cur chun feidhme*** dá dtagraítear i mír 4, de ghnáth, ***laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún agus*** in éineacht leis ***na cinntí cur chun feidhme*** dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.	6. Glacfaidh an ***Coimisiún*** an ***gníomh tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 4, de ghnáth, in éineacht leis ***an ngníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair	7. Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair

thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil maidir le Pleananna a leasú, beidh feidhm aige sin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis an ***togra ón gCoimisiún agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle*** lena bhformheastar leasuithe ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 23(4) ach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.	thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil maidir le Pleananna a leasú, beidh feidhm aige sin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis an ***ngníomh tarmligthe*** lena bhformheastar leasuithe ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 23(4) ***den Rialachán sin*** ach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.
	Or. en
Leasú 36	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 4 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	Raon feidhme na tacaíochta
	1. Cuirfear tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, a rannchuidíonn leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9a chun an liosta gníomhaíochtaí incháilithe do thacaíocht sa Iarscríbhinn a leasú.
	2. Chun na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, féadfar tacaíocht a chur ar fáil, i gcásanna eisceachtúla, laistigh de theorainneacha sainithe agus faoi réir coimircí iomchuí, le haghaidh beart nó gníomhaíochtaí i dtríú tíortha. Beidh na bearta nó na gníomhaíochtaí sin go hiomlán comhleanúnach le bearta a fhaigheann tacaíocht trí ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais agus le prionsabail ghinearálta agus cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

3. Faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, ní rachaidh méid iomlán an chistithe ó Shaoráid an Aontais arna chur ar fáil chun tacú le bearta nó gníomhaíochtaí i dtríú tíortha thar 5 % den mhéid iomlán arna leithdháileadh chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

4. Faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, déanfar íosmhéid 20 % den chistiú ó Shaoráid AE a bheidh le leithdháileadh ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a leithdháileadh ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) den Airteagal sin.

5. Faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, déanfar íosmhéid 20 % den chistiú ó shaoráid AE a bheidh le leithdháileadh ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a leithdháileadh ar an gcuspóir sonrach dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) den Airteagal sin.

6. A mhéid a bhaineann sí le hionstraimí Gnóthaí Baile, tacóidh Saoráid AE, go háirithe, le bearta nó le gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(1)(b) arna gcur chun feidhme ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla nó ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta. I ndáil leis sin, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, díreofar 5 % ar a laghad de leithdháileadh shaoráid AE atá tiomnaithe d'ionstraimí Gnóthaí Baile ar chur chun feidhme na mbeart lánpháirtíochta ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

7. Maidir le méid iomlán an chistiúcháin i gcomhair bearta nó gníomhaíochtaí tacaíochta i dtríú tíortha nó i dtaca leo faoi chláir chomhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal XX de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um

chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, ní rachaidh comhpháirtíochtaí, i gcás gach Ballstáit, thar 5 % den mhéid iomlán arna leithdháileadh ag an mBallstát sin ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

8. Faoi chuimsiú na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcás bearta nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leithdháilfidh na Ballstáit íosmhéid 20 % den mhaoiniú náisiúnta ar an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(1)(a) agus íosmhéid 20 % ar an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(1)(b).

9. Tacófar le cuspóirí an Rialacháin le bearta nó gníomhaíochtaí lena ndíreofar ar spriocghrúpa amháin nó níos mó faoi raon feidhme Airteagail 78 agus 79 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4b
	Prionsabal na comhpháirtíochta
	Chun críocha na tacaíochta ón Aontas faoin ionstraim seo, i gcomhréir le hAirteagal 6(5) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um

shlándáil, áireofar ar na comhpháirtíochtaí údaráis réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údaráis phoiblí eile nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar na húdaráis sin, eagraíochtaí sochaí sibhialta, amhail eagraíochtaí dídeanaithe agus eagraíochtaí faoi stiúir imirceach, chomh maith le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine agus comhlachtaí comhionannais, agus, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta.

Agus a phlean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí á thíolacadh acu i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin, chun críocha na hionstraime seo, sonróidh na Ballstáit comhdhéanamh a gcomhpháirtíochtaí chomh maith leis an tuairisc ar na socruithe comhpháirtíochta. Cuirfidh na mionsonraí sin ar fáil go poiblí arna iarraidh sin.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Article 4c
	Rátaí cómhaoinithe
	1. Maidir le gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo, is 80 % den chaiteachas incháilithe iomlán a bheidh sa ghnáthranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais.
	2. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 90 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar ghníomhaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, pointe 3, lena dtugtar

aghaidh ar an gcuspóir a leagtar síos in Airteagal 3, mír 1, pointe (b).

3. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 100 % den chaiteachas incháilithe iomlán ar ghníomhaíochtaí arna maoiniú faoin tsaoráid AE i gcomhréir le hAirteagal 4a, mír 6, den Rialachán seo.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Ní sholáthrófar tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo ach amháin i gcás inar léir go n-áirithítear le comhaontuithe agus creataí comhair go bhfuil cearta bunúsacha agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais á gcomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear trí choimircí in-fhorfheidhmithe, trí fhaireachán éifeachtach, agus trí shocruithe soiléire cuntasachta.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 9a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4(4), 4a(1), 5(8) agus 6(7) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4(4), 4a(1), 5(8) agus 6(7) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(4), 4a(1), 5(8) agus 6(7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh míosa leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint

na hEorpa nó na Comhairle.

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IARSCRÍBHINN
	LIOSTA DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INCHÁILITHE
	1. Laistigh de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3, tacóidh an ionstraim seo leis an méid seo a leanas:
	(a) straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhunú agus a fhorbairt maidir le tearmann, imirce dhleathach, lánpháirtíocht, filleadh agus imirce neamhrialta i gcomhréir le acquis ábhartha an Aontais;
	(b) struchtúir, uirlisí agus córais riaracháin a chur ar bun, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus oiliúint a chur ar an bhfoireann, lena n-áirítear foireann na n-údarás áitiúil agus geallsealbhóirí ábhartha eile i gcomhar le gníomhaireachtaí díláraithe ábhartha, i gcás inarb iomchuí;
	(c) pointí teagmhála a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun treoir neamhchlaonta, faisnéis phraiticiúil agus cúnamh a sholáthar maidir le rochtain ar chistiú ón Aontas i ndáil leis an ionstraim seo do thairbhithe féideartha;
	(d) beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear faisnéis agus sonraí a bhailiú, a mhalartú agus a anailísiú; scaipeadh sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla

agus staidrimh i ndáil le himirce agus cosaint idirnáisiúnta, agus uirlisí, modhanna agus táscairí staidrimh coitianta a fhorbairt agus a fheidhmiú chun dul chun cinn a thomhas agus forbairtí beartais a mheasúnú;

(e) le faisnéis, na cleachtais is fearr agus straitéisí a mhalartú; le foghlaim fhrithpháirteach, staidéir agus taighde; le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme; agus le líonraí comhair thrasnáisiúnta a chur ar bun;

(f) le seirbhísí cúnaimh agus tacaíochta a chur ar fáil ar bhealach inscne-íogair agus atá comhsheasmhach le stádas agus riachtanais an duine lena mbaineann, daoine leochaileacha go háirithe;

(g) oibríochtaí a dhírítear ar chosaint éifeachtach d'imircigh linbh, lena n-áirítear cur chun feidhme measúnuithe ar leas an linbh, neartú na gcóras caomhnóireachta, chomh maith le forbairt beartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu;

(h) oibríochtaí a dhírítear ar fheasacht a fheabhsú i measc na ngeallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne i dtaca le beartais maidir le tearmann, lánpháirtíocht, imirce dhleathach agus filleadh, agus aird ar leith ar dhaoine leochaileacha, lena n-áirítear mionaoisigh.

2. Laistigh den chuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 3(1), tacóidh an ionstraim leis an méid seo a leanas:

(a) cabhair ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear cúnamh ag an teorainn;

(b) nósanna imeachta tearmainn a sheoladh i gcomhréir leis an acquis tearmainn, lena n-áirítear soláthar seirbhísí tacaíochta amhail aistriúchán agus ateangaireacht, cúnamh dlí, rianú teaghlaigh agus seirbhísí eile atá comhsheasmhach le stádas an duine lena

mbaineann;

(c) iarratasóirí a shainaithint a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta nó ghlactha acu, lena n-áirítear sainaithint luath na n-íospartach gáinneála d'fhonn iad a chur chuig sainseirbhísí amhail seirbhísí síceasóisialta agus athshlánaithe;

(d) sainseirbhísí amhail seirbhísí cáilithe síceasóisialta agus athshlánaithe a sholáthar d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta nó ghlactha acu;

(e) bonneagar cóiríochta glactha a bhunú nó a fheabhsú, amhail bonneagar ar mionscála a thugann aghaidh ar riachtanais teaghlach a bhfuil mionaoisigh iontu, lena n-áirítear an bonneagar a sholáthraíonn údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus lena n-áirítear an fhéidearthacht go bhféadfadh níos mó ná Ballstát amháin úsáid a bhaint as na saoráidí sin ar bhonn comhpháirteach;

(f) feabhas a chur ar chumas na mBallstát faisnéis faoin tír thionscnaimh a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt i measc a gcuid údarás inniúil;

(g) oibríochtaí a bhaineann le cláir athlonnaithe an Aontais nó le scéimeanna náisiúnta athlonnaithe agus scéimeanna um ligean isteach daonnúil lena n-áirítear nósanna imeachta a sheoladh chun iad a chur chun feidhme;

(h) le cur le hacmhainneachtaí tríú tíortha chun feabhas a chur ar chosaint daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt chun córais chosanta a fhorbairt do leanaí ar imirce;

(i) le roghanna malartacha éifeachtacha ar an gcoinneáil a bhunú, a fhorbairt agus a fheabhsú, go háirithe i ndáil le mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh, agus lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cúram neamh-institiúidithe arna lánpháirtiú i gcórais

náisiúnta cosanta leanaí.

3. Faoi chuimsiú an chuspóra shonraigh a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 3(1), leis an ionstraim, tacófar leis an méid seo a leanas:

(a) pacáistí faisnéise agus feachtais chun feasacht ar bhealaí dleathacha imirce chuig an Aontas a mhúscailt, lena n-áirítear faoi acquis an Aontais um imirce dhleathach;

(b) le scéimeanna soghluaisteachta chuig an Aontas a fhorbairt, amhail scéimeanna imirce ciorclaí nó sealadaí, lena n-áireofaí oiliúint chun fostaitheacht a fheabhsú;

(c) comhar idir tríú tíortha agus na gníomhaireachtaí earcaíochta, na seirbhísí fostaíochtaí agus seirbhísí imirce na mBallstát;

(d) le measúnú ar scileanna agus cáilíochtaí, lena n-áirítear taithí ghairmiúil, a fuarthas i dtríú tír, agus aitheantas dóibh, mar aon le measúnú ar a dtrédhearcacht agus a gcoibhéis leo siúd de chuid Bhallstát;

(e) cúnamh i gcomhthéacs iarratais ar athaontú teaghlaigh chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú i gcás Treoir 2003/86/CE ón gComhairle;

(f) cúnamh, lena n-áirítear cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil i ndáil le hathrú stádais le haghaidh náisiúnach tríú tír atá ina gcónaí go dleathach cheana féin i mBallstát, go háirithe i ndáil le stádas cónaithe dleathach faoi mar a shainítear é ar leibhéal an Aontais a fháil;

(g) le cúnamh do náisiúnaigh tríú tír atá ag iarraidh a gcearta a fheidhmiú, go háirithe maidir le soghluaisteacht, faoi ionstraimí an Aontais i ndáil le himirce dhleathach;

(h) le bearta lánpháirtíochta amhail tacaíocht shaincheaptha i gcomhréir le riachtanais na náisiúnach tríú tír agus cláir lánpháirtíochta a dhíríonn ar

chomhairleoireacht, oideachas, teagasc teanga agus oiliúint eile amhail cúrsaí insealbhaithe saoránachta agus treoir ghairmiúil;

(i) oibríochtaí lena gcuirtear comhionannas chun cinn i ndáil leis an rochtain ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha ag náisiúnaigh tríú tír agus lena soláthar do na seirbhisí sin do náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear rochtain ar oideachas, cúram sláinte agus tacaíocht shíceasóisialta agus seirbhisí den sórt sin a chur in oiriúint do riachtanais an spriocghrúpa;

(j) comhar idir comhlachtaí rialtais agus neamhrialtais ar dhóigh chomhtháite, lena n-áirítear trí ionaid tacaíochta chomhordaithe um lánpháirtíocht, amhail ionaid ilfhreastail;

(k) oibríochtaí lena gcumasaítear agus lena dtacaítear le teacht isteach agus rannpháirtíocht ghníomhach náisiúnach tríú tír sa tsochaí ghlactha agus oibríochtaí lena gcuirtear glacadh sa tsochaí ghlactha chun cinn;

(l) malartuithe agus idirphlé idir náisiúnaigh tríú tír, an tsochaí ghlactha agus údaráis phoiblí, lena n-áirítear trí chomhairliúchán le náisiúnaigh tríú tír, agus trí idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh;

(m) le tógáil ar acmhainneacht na seirbhísí lánpháirtíochta arna soláthar ag údaráis áitiúla agus geallsealbhóirí ábhartha eile.

4. Faoi chuimsiú an chuspóra shonraigh a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (c), leis an ionstraim, tacófar leis an méid seo a leanas:

(a) bonneagar oscailte glactha nó coinneála a bhunú nó a fheabhsú, lena n-áirítear an fhéidearthacht go bhféadfadh níos mó ná Ballstát amháin na saoráidí sin a úsáid ar bhonn comhpháirteach;

(b) le bearta ar roghanna éifeachtacha ar an gcoinneáil iad a thionscnamh, a

fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fheabhsú lena n-áirítear bainistiú pobalbhunaithe de réir cáis, i dtaca le mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh go háirithe;

(c) le córais neamhspleácha agus éifeachtacha chun faireachán a dhéanamh ar an bhfilleadh éigeantach a thionscnamh agus a atreisiú, mar a leagtar síos in Airteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE;

(d) cur i gcoinne na ndreasachtaí don imirce neamhrialta, lena n-áirítear imircigh neamhrialta a fhostú, trí chigireachtaí éifeachtacha agus imleora bunaithe ar mheasúnú riosca, foireann a chur faoi oiliúint, sásraí a chur ar bun agus a chur chun feidhme trínar féidir le himircigh neamhrialta íocaíochtaí a éileamh ar ais agus gearáin a dhéanamh in aghaidh a bhfostóirí, agus feachtais faisnéise agus múscailte feasachta chun fostóirí agus imircigh neamhrialta a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí de bhun Threoir 2009/52/CE;

(e) ullmhúchán maidir le filleadh, lena n-áirítear bearta a ndéantar cinntí um fhilleadh mar gheall orthu, náisiúnaigh tríú tír a shainaithint, doiciméid taistil a eisiúint agus rianú teaghlaigh;

(f) le comhar leis na húdaráis chonsalacha agus le seirbhísí inimirce nó le húdaráis agus le seirbhísí ábhartha eile de thríú tíortha d'fhonn doiciméid taistil a fháil, filleadh a éascú agus athligean isteach a áirithiú lena n-áirítear trí oifigigh idirchaidrimh tríú tír a imlonnú;

(g) cúnamh maidir le filleadh, go háirithe maidir le filleadh deonach cuidithe agus faisnéis maidir le cláir um fhilleadh deonach cuidithe, lena n-áirítear trí threoir shonrach a sholáthar maidir le leanaí i nósanna imeachta um fhilleadh;

(h) le hoibríochtaí um dhíbirt, lena n-áirítear bearta gaolmhara, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos i ndlí an Aontais, cé is moite de thacaíocht do

threalamh comhéigneach;

(i) le bearta chun tacú le filleadh inbhuanaithe an fhillí agus lena ath-lánpháirtiú, lena n-áirítear dreasachtaí airgid, oiliúint, socrúchán agus cúnamh fostaíochta agus tacaíocht tosaithe do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha;

(j) le háiseanna agus seirbhísí tacaíochta i dtríú tíortha a áirithíonn cóiríocht shealadach iomchuí agus glacadh ar theacht do na fillithe agus, i gcás inarb iomchuí, aistriú tapa chuig cóiríocht phobalbhunaithe;

(k) comhar le tríú tíortha a bhaineann le cur i gcoinne na himirce neamhrialta agus a bhaineann le filleadh agus athligean isteach éifeachtach;

(l) bearta a bhfuil sé d'aidhm acu eolas a thabhairt ar na bealaí dleathacha imirce is iomchuí agus ar na rioscaí a ghabhann leis an inimirce neamhrialta;

(m) cúnamh agus oibríochtaí i dtríú tíortha a chuidíonn chun feabhas a chur ar an gcomhar éifeachtach idir tríú tíortha agus an tAontas agus a Bhallstáit maidir le filleadh agus athligean isteach agus chun tacú le hath-lánpháirtiú sa tsochaí thionscnaimh.

5. Faoi chuimsiú an chuspóra shonraigh a leagtar i bpointe (d) d'Airteagal 3(1), leis an ionstraim, tacófar leis an méid seo a leanas:

(a) cur chun feidhme athshocruithe ó Bhallstát amháin go Ballstát eile d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta de bhun Airteagail 56, 67 agus 68 de Rialachán (AE) 2024/1351;

(b) bearta dlúthpháirtíochta malartacha a chur chun feidhme i réimse na himirce, an ghlactha, an tearmainn, an fhillte agus an ath-lánpháirtithe, ag díriú ar thacaíocht oibríochtúil, fothú acmhainneachta, seirbhísí, tacaíocht foirne, saoráidí agus trealamh teicniúil de bhun Airteagail 56 agus 65 de Rialachán

(AE) 2024/1351;

(c) tacaíocht oibriúcháin i dtéarmaí baill foirne ar iasacht nó cúnamh airgeadais arna sholáthar ag Ballstát do Bhallstát eile a ndéanann dúshláin imirce difear dó, lena n-áirítear tacaíocht a chuirtear ar fáil do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA);

(d) cur chun feidhme Chreat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil de bhun Rialachán (AE) 2024/1350.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is geal leis an Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún maidir le hionstraim a choinneáil chun cistiú a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais do bheartais tearmainn, imirce agus lánpháirtíochta ('Rialachán AMI') do 2028-2034. Cé gur oth leis an Rapóirtéir cinneadh an Choimisiúin gan ciste neamhspleách a choinneáil, déantar iarracht sa dréacht-tuarascáil an togra ón gCoimisiún a bheachtú agus cur leis.

Tá teanga tábhachtach i réimse na himirce. Sa dréacht-Tuarascáil, leasaíonn an Rapóirtéir teanga a mhol an Coimisiún a fhéachann le himircigh a dhídhaonnú, agus teanga nach gcuireann an imirce i láthair ach amháin trí phriosma feiniméan nach mór a chosc. Leasaíonn an Rapóirtéir freisin cuspóirí na hionstraime chun cistiú dúbailte a sheachaint agus chun deireadh a chur le neamhréireachtaí maidir le tacaíocht atá le soláthar faoin Ionstraim Schengen, Teorainneacha agus Víosaí agus tacaíocht faoi Rialachán AMI.

Sa dréacht-tuarascáil, féachann an Rapóirtéir le níos mó trédhearcachta a sholáthar maidir le cistiú an Aontais a úsáid i réimsí beartais an tearmainn, na himirce agus na lánpháirtíochta. Chun an méid sin a bhaint amach, tugann an Rapóirtéir iarscríbhinn isteach arís a ghabhann leis an Rialachán ina sainaithnítear gníomhaíochtaí atá incháilithe do thacaíocht ón Aontas, bunaithe ar chleachtas reatha faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht atá ann cheana.

Féachann an Rapóirtéir freisin lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit na cuspóirí uile a leagtar amach sa Rialachán a chistiú ar bhealach cobhsaí agus intuartha. Chuige sin, molann an Rapóirtéir íoschéatadán cistiúcháin — ó Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus ó Shaoráid AE araon — don chuspóir lena dtugtar aghaidh ar fhorbairt an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, agus íoschéatadán don chuspóir lena dtugtar aghaidh ar lánpháirtiú agus ar imirce dhleathach, rud a mheasann an Rapóirtéir a bheith thar a bheith tábhachtach.

Tugann an Rapóirtéir aghaidh ar shaincheist an chómhaoinithe do thairbhithe féideartha Rialachán AMI. Leis na rátaí cómhaoinithe atá beartaithe ag an gCoimisiún a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an bplean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí atá beartaithe, déantar foráil maidir le leibhéil chómhaoinithe atá go hiomlán neamhréadúil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar mhionscála, agus fiú d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha níos lú, lena gcuirtear cúnamh ar fáil ar an leibhéal áitiúil maidir le gníomhaíochtaí tearmainn agus lánpháirtíochta. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir rátaí cómhaoinithe sonracha a bhunú i ndáil le tacaíocht arna soláthar faoi Rialachán AMI. Déantar é sin chun inmharthanacht leanúnach ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus na dtionscadal a chuireann siad i gcrích a áirithiú, rud atá fíor-riachtanach chun cuidiú leis na Ballstáit na cuspóirí a bunaíodh faoin ionstraim a bhaint amach.

Ag an am céanna, féachann na leasuithe le príomhfhócas inmheánach an Chiste a chaomhnú agus caiteachas ar ghníomhaíochtaí i dtríú tíortha a theorannú d'uasmhéid 5 % de na hacmhainní bliantúla ó Shaoráid AE atá tiomnaithe do Rialachán AMI. Tá NRRPanna na mBallstát faoi réir na teorann 5 % freisin. Ós rud é gurb é sin an t-aon ionstraim chistiúcháin de chuid an Aontais le haghaidh tearmainn agus imirce, agus ós rud é go bhfuil na dúshláin inmheánacha maidir le lánpháirtiú agus a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhshocraithe

fós suntasach, ní mór don tacaíocht faoin ionstraim sin tacú go príomha le bearta laistigh den Aontas agus rannchuidiú go díreach le feidhmiú na gcóras Eorpach tearmainn agus lánpháirtíochta.

Ar deireadh, lasmuigh de chláir na mBallstát, tá éileamh suntasach fós ar mhaoiniú díreach d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun gníomhaíochtaí lánpháirtíochta a chur chun feidhme. Ag tógáil ar an gcleachtas a bunaíodh faoin gCiste reatha, molann an Rapóirtéir go gcuirfeadh Saoráid AE 5 % den tacaíocht bhliantúil atá le díriú ar Ghnóthaí Baile i leataobh go sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí lánpháirtíochta arna ndéanamh ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha.